# Vóta 20 Garda Síochána

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 maidir le tuarastail agus speansais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, srl; maidir le speansais áirithe finnéithe a íoc, agus maidir le deontas i gcabhair a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***
Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse a n-ionchas saoil ag tosú sa mhí atá taifeadta i gclárleabhar na sócmhainní seasta.

Déantar aeráthach a dhímheas ar bhonn líne dhírigh ag ráta 5% in aghaidh na bliana.

Déantar báid a dhímeas ar bhonn líne dhírigh ag ráta 10% in aghaidh na bliana.

Déantar feithiclí a dhímeas ar bhonn líne dhírigh ag ráta 25% in aghaidh na bliana.

***Talamh agus Foirgnimh***
Tá 8 stáisiún Garda faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá san áireamh le Cuntas Leithghabhála Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 10).

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Maraon leis an gCuntas, tá mé tar éis ráiteas a chur faoi bhráid sa bhformáid caighdeánach ar an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais a oibríonn sa Gharda Síochána.

Bhuail an Coiste Iniúchóireachta, comhlacht reachtach a bunaíodh i 2006 de réir Alt 44 d'Acht an Gharda Síochána 2005, 6 huaire i 2011. Tá feidhmeanna an Choiste Iniúchóireachta leagtha amach in Alt 45 den Acht agus, de réir dea-rialachais, aontaíodh Cairt Iniúchóireachta athbhreithnithe. Sa bhreis air sin, cé nach bhfuil an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit infheidhme, tá sé de rún ag an nGarda Síochána cloí leis. Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta an Plean Iniúchta Inmheánaigh le haghaidh 2011 agus bhreithnigh sé na cúrsaí rialaithe suntasacha uile a tugadh chun suntais. Ag deireadh 2011, bhí líon foirne de sheachtar ball sibhialtach agus triúr ball faoi mhionn ag rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána, agus Cuntasóir Gairmiúil i gceannas air.

Mar chuid dá chlár oibre bliantúil, d'oibrigh rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána le haonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána, Cigireacht an Gharda Síochána agus Bord um Rialachas Riosca an Gharda Síochána maidir le roinnt saincheisteanna de leas frithpháirteach. I 2009 rinne Ceann an Iniúchta Inmheánaigh sa tSeirbhís Chúirteanna athbhreithniú piaraí ar rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána lena soláthraíodh plean oibre maidir le feabhsuithe ar fheidhm an iniúchta inmheánaigh agus feidhmíodh mórchuid de na moltaí san athbhreithniú piaraí. Tá próiseas leaúnach feabhsú cáilíochta i bhfeidhm.

Lean an Stiúrthóireacht Airgeadais clár oiliúna saincheaptha i 2011 lena gcuimsítear réimsí de bhainistíocht airgeadais a bhaineann le buiséid déabhlóidithe, fáil poiblí, próiseáil ar phárolla agus éilimh eile. Rinne cuntasóir sinsear airgeadais Cúrsa i Ceannasaíocht Feidhmiúcháin Phóilíneacht i 2011. Rinne beirt bhall sibhialtach den fhoireann Soláthar Teastas i Soláthar Gnó i 2011 ón bhForas um Cheannacht agus Bainistíocht Ábhar.

Feidhmíodh creatlach agus beartas bainistíochta riosca de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais i 2009 lena n-áiríodh oifig bainistíochta riosca agus bord rialachas riosca agus Leas-Choimisinéir mar chathaoirleach air. Feidhmíodh próiseas bainistíochta riosca ar leibhéal Réigiúnach agus Rannach i 2009 agus síneadh é sin go leibhéal Dúiche i 2010 agus i 2011.

**Mairtín Ó Callanáin**<br>
Oifigeach Cuntasaíochta<br>
An Garda Síochána<br>
30 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 20: Garda Síochána le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Tá deimhniú ón Oifigeach Cuntasaíochta tugtha dom a thacaíonn leis an gcaiteachas faoin gCár Chosaint Finnéithe. Mar thoradh ar m'iniúchadh, agus ar bhonn an ndeimhniú atá thugtha, is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an nGarda Síochána. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
28 Lúnasa 2012

# Vóta 20 Garda Síochána
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | | 2011 Suim Soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1. Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 989,161 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 52,339 | 1,041,500 | 1,036,917 | 1,025,943 |
| A.2. Taisteal agus cothú | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 18,483 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 3,292 | 21,775 | 20,558 | 19,733 |
| A.3. Costais theagmhasacha | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 17,445 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 1,816 | 19,261 | 18,986 | 18,055 |
| A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 33,425 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 6,250 | 39,675 | 44,852 | 42,845 |
| A.5. Trealamh oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 26,472 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (2,437) | 24,035 | 24,563 | 28,537 |
| A.6. Cothabháil áitreabh an Gharda | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 7,521 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 2,479 | 10,000 | 9,534 | 9,058 |
| A.7. Seirbhísí comhairleoireachta | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 208 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (148) | 60 | 52 | 11 |
| A.8. Seirbhísí stáisiúin | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 12,996 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 7,174 | 20,170 | 20,102 | 19,401 |
| A.9. Feidhmiú TBS an Gharda | | | 143 | 145 | 152 |
| A.10. Cúltaca an Gharda | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 480 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 395 | 875 | 780 | 874 |
| A.11. Athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 190 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (190) | — | — | — |
| **Seirbhísí eile** | | | | | |
| B. Éadach agus oiriúintí | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 2,764 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 421 | 3,185 | 3,896 | 3,783 |
| C. Cumann Lia-chúnamh Naomh Pól an Gharda (deontas i gcabhair) | | | 124 | 124 | 124 |

| Seirbhís | | | 2011 Suim Soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 |
| D. Iompar | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 14,538 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 10,917 | 25,455 | 26,146 | 27,941 |
| E. Cumarsáid agus trealamh eile | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 19,272 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 12,280 | 31,552 | 32,743 | 23,276 |
| F. Aerárthach | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,050 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 750 | 1,800 | 1,805 | 1,951 |
| G. Aoisliúntas, srl. | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 368,773 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (59,000) | 309,773 | 307,119 | 289,069 |
| H. Costais fhinnéithe | | | 1,805 | 1,838 | 2,027 |
| I Cúiteamh | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 16,622 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 4,313 | 20,935 | 20,103 | 17,198 |
| J Clár slándála finnéithe | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,198 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (498) | 700 | 700 | 700 |
| **Olliomlán** | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | **1,532,670** | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | **40,153** | | | |
| | | | **1,572,823** | **1,570,963** | **1,530,678** |
| **Bain de** | | | | | |
| K. **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | **120,447** | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | **12,753** | | | |
| | | | **133,200** | **133,716** | **133,040** |
| **Glaniomlán** | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | **1,412,223** | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | **27,400** | | | |
| | | | **1,439,623** | **1,437,247** | **1,397,638** |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | | | | **€2,376,031** | **€1,718,716** |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 1,176,489 | 1,164,609 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 394,474 | 366,069 |
| **Olliomlán** | | | 1,570,963 | 1,530,678 |
| Bain de | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 133,716 | 133,040 |
| **Glaniomlán** | | | 1,437,247 | 1,397,638 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin airgid | | (8,859) | | |
| Dímheas | | 18,358 | | |
| Fáltais ó dhiúscairtí | | 12 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 102 | 9,613 | 21,549 |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | | — | (1,946) |
| | | | | |
| **Athruithe i sócmhainní reatha glana** | | | | |
| Méadú ar fhabhruithe dúnta | | 735 | | |
| Laghdú/(Meadú) ar stoc | | 5,610 | | |
| | | | 6,345 | (1,627) |
| **Caiteachas díreach** | | | 1,453,205 | 1,415,614 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 13,778 | 11,909 |
| **Costas oibriúcháin iomlán** | | | **1,466,983** | **1,427,523** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid measta seo a leanas i ndáil le Vóta 20 atá seasta in áit éigin eile.

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 670 | 600 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 10,514 | 11,424 |
| 19 | Dlí agus Cirt agus Comhionannais - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 5,286 | 5,414 |
| | Lúide | | |
| | Seirbhísí Gaolmhara a sholáthar An Garda Síochána do Vótaí eile | (2,692) | (5,529) |
| | | **13,778** | **11,909** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 44,079 | 54,099 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 4,570 | 4,570 |
| | | **48,649** | **58,669** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 6,879 | 5,647 |
| Stoic | 2.4 | 5,531 | 11,141 |
| Réamhíocaíochtaí | | 7,213 | 7,771 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,372 | 1,046 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 28,525 | 28,160 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **49,520** | **53,765** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Glandliteanas don státchiste | 2.7 | 376 | (281) |
| Costais fhabhraithe | | 8,370 | 8,274 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 35,028 | 34,088 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **43,774** | **42,081** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **5,746** | **11,684** |
| **Glansócmhainní** | | **54,395** | **70,353** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **54,395** | **70,353** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Aerárthach | Bád mótair | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus fearais | Iomláin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollioncam** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2011 | 17,001 | 1,060 | 66,610 | 149,533 | 4,464 | 238,668 |
| Breiseanna | 71 | — | 1,655 | 5,577 | 1,149 | 8,452 |
| Diúscairtí | — | — | (5,656) | (2,533) | — | (8,189) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011 | 17,072 | 1,060 | 62,609 | 152,577 | 5,613 | 238,931 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail 1 Eanáir 2011 | 7,601 | 588 | 59,467 | 114,777 | 2,136 | 184,569 |
| Dímheas don bhliain | 823 | 73 | 3,981 | 13,035 | 446 | 18,358 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (5,591) | (2,484) | — | (8,075) |
| Dímheas carntha amhail 31 Nollaig 2011 | 8,424 | 661 | 57,857 | 125,328 | 2,582 | 194,852 |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2011** | **8,648** | **399** | **4,752** | **27,249** | **3,031** | **44,079** |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2010** | **9,400** | **472** | **7,143** | **34,756** | **2,328** | **54,099** |

## 2.2 Scócmhainní caipitil á bhfobairt

| | Córas Tionscadail Schengen | Tionscadal MIMS | Iomláin |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011 | 2,676 | 1,894 | 4,570 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | — | — | — |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2011 | 2,676 | 1,894 | 4,570 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 24,710 | 25,406 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (17,831) | (19,759) |
| | 6,879 | 5,647 |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 465 | 690 |
| Stoc theileachumarsáide | 1,636 | 7,304 |
| Éide | 1,487 | 1,215 |
| Biúró Teicniúil | 153 | 235 |
| Stoc na Naisiún Aontaithe | 53 | 69 |
| Armlann | 1,338 | 1,257 |
| Ilghnéitheach | 399 | 371 |
| | 5,531 | 11,141 |

## 2.5 Iarmhéideanna eile dochair

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Airleacain chuig OPW | 216 | 621 |
| Óinchistí | 3,880 | 4,232 |
| Tuarastail Aisghabhála | 23,393 | 21,958 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 786 | 1,127 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 250 | 222 |
| | 28,525 | 28,160 |

## 2.6 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 19,341 | 13,462 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 7,413 | 10,588 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 696 | 747 |
| Cáin Bhreisluacha | 638 | 601 |
| Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 420 | 1,845 |
| Cáin ar athchistithe de ranníocaíochtaí pinsin | 13 | 1 |
| | 28,521 | 27,244 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 5,145 | 5,372 |
| Ciste luaíochta An Gharda Síochána | 283 | 287 |
| Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí | 1,079 | 1,185 |
| | 35,028 | 34,088 |

## 2.7 Glandliteanas ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 2,376 | 1,719 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,000) | (2,000) |
| Glandliteanas ón Státchiste | 376 | (281) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 6,879 | 5,647 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 28,525 | 28,160 |
| | 35,404 | 33,807 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (28,521) | (27,244) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (6,507) | (6,844) |
| | (35,028) | (34,088) |
| | 376 | (281) |

## 2.8 Ceangaltais

| **(A) Ceangaltais iltaobhacha**<br>ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán na dtiomantas infhorghníomhaithe | 68,700 | 5,700 |

Cuimsíonn figiúr na dtiomantas do 2011 suim do €66.9 milliún maidir le tionscadal cúig bliana ar cuireadh tús leis i Mí na Samhna 2010 do sheachfhoinsiú cheamaraí soghluaiste sábháilteachta bóthair an Gharda Shíochána. Is é an praghas conartha iomlán ná €83 milliún, CBL san áireamh. Ba í an tsuim thiomantais chomhfhreagrach don tionscadal seo ná €82.8 milliún ag 31 Nollaig 2010 agus ní chuirtear san áireamh i bhfigiúr 2010 í.

| **(B) Tiomantais Chaipitil Ilbhliantúil** | Caiteachas go dtí 1 Eanáir 2011 €000 | Caiteachas i 2011 €000 | Costas Measta ina Iomláine €'000 |
|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | | | |
| Córas Faisnéise Schengen | 2,676 | — | 23,870 |
| Córas Bainistíochta Mórimscrúdaithe | 1,894 | — | 28,746 |

## 3 Athruithe i gCaitheachas

Soláthraítear míniúchán thíos i gcás gach fotheideal caiteachais inar athraigh an táirgeacht ón méid a soláthraíodh ag níos mó ná €100,000, agus ag níos mó ná 5% (25% i gcás na bhfoitheideal riaracháin).

| Fotheideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| B. | (711) | D'eascair an bharraíocht anseo de bhrí go raibh gá ann baill éadaigh sa bhreis a cheannach le haghaidh oird phoiblí agus slándála. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | €000 | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|---|
| 1. Ranníocaíochtaí do scéimeanna pinsean do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána | | | | |
| *Meastachán Bunaidh* | 14,350 | | | |
| *Meastachán Forlíontach* | (150) | 14,200 | 15,005 | 14,194 |
| 2. Ranníocaíochtaí chuig scéim pinsin an Gharda Síochána | | | | |
| *Meastachán Bunaidh* | 22,374 | | | |
| *Meastachán Forlíontach* | 826 | 23,200 | 23,599 | 22,619 |
| 3. Fáltais Ilghnéitheacha (briseadh síos tugtha) | | | | |
| *Meastachán Bunaidh* | 12,450 | | | |
| *Meastachán Forlíontach* | (2,150) | 10,300 | 10,823 | 11,082 |
| 4. Fáltais ó bhainc i leith seirbhísi tionlacain | | | | |
| *Meastachán Bunaidh* | 4,300 | | | |
| *Meastachán Forlíontach* | (500) | 3,800 | 3,836 | 4,276 |
| 5. Táillí na nArm Tine | | | | |
| *Meastachán Bunaidh* | 1,000 | | | |
| *Meastachán Forlíontach* | 1,600 | 2,600 | 2,706 | 14,199 |
| 6. Ceamaraí Sábháilteachta - Admhálacha áirithe ó mhuirear seasta | | | | |
| *Meastachán Bunaidh* | 100 | | | |
| *Meastachán Forlíontach* | 11,200 | 11,300 | 10,624 | — |
| 7. Fáltais ó asbhaint um phinsean as luach saothair Seirbhíse Poiblí. | | | | |
| *Meastachán Bunaidh* | 65,873 | | | |
| *Meastachán Forlíontach* | 1,927 | 67,800 | 67,123 | 66,670 |
| **Iomlán** | | **133,200** | **133,716** | **133,040** |

| Ilgnéitheacha | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Íocaíocht do sheirbhísí dualgas neamh-phoiblí soláthraithe ag Gardaí | 4,068 | 3,350 |
| Athghabháil maidir le damáiste d'fheithiclí oifigiúla agus maoin eile an Gharda | 308 | 194 |
| Fáltais ó fheithiclí úsáidte, seanstórais, maoin forghéillte agus neamhéilithe a dhíol | 852 | 1,558 |
| Táillí ar thuairiscí ar dhíobháil mhailíseach agus thimpistí | 521 | 502 |
| Ranníocaíochtaí d'áiteanna cónaithe | 62 | 70 |
| Costais fhinnéithe a athghabháil | 16 | 3 |
| Tuarastail a athghabháil | — | 1 |
| Céatadán gearrtha ar chomhlachtaí árachais do phréimheanna árachais a bhailiú | 109 | 118 |
| Taillí ceadúnais tascaí | 197 | 156 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre - táillí Alt 41 | 2,364 | 2,605 |
| Táillí méarloirg do chuspóirí fostaíochta agus víosa | 25 | 20 |
| Crainn an Gharda | 555 | — |
| Dliteanas iomprόra | 485 | 513 |
| Míreanna neamhrangaithe | 1,261 | 1,992 |
| | 10,823 | 11,082 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteideal i gcás go raibh an toradh éagsúil leis an tsuim a réamh-mheasadh de níos mó ná €100,000, agus le breis is 5%.

| Fotheideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1&2 | (1,204) | D’eascair an farasbarr cionn is go bhfuarthas asbhaintí breise a fuarthas i Mí na Nollag mar gheall ar an líon mór scor faoi scéim luathscoir na Seirbhíse Poiblí. |
| 3 | (523) | Is é is cúis leis an bhfarasbarr ná go bhfuarthas níos luaithe ná mar a bhíothas ag dréim leis íocaíochtaí a bhí gan íoc do sheirbhísí nach seirbhísí dualgais phoiblí iad a cuireadh i gcrích ag an nGarda Síochána. |
| 6 | 676 | Tharla an easnamh ós rud é go raibh na fáltais cheamara sábháilteachta bóthair i Mí na Nollag níos lú ná mar a réamh-mheasadh. |

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2011<br>Measta<br>€000 | 2011<br>Réadaithe<br>€000 | 2010<br>Réadaithe<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Píonóis faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre | 15,000 | 12,675 | 19,125 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana** | 15,969 | 16,477 |

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 679,453 | 671,103 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 363 | 412 |
| Liúntais eile | 213,828 | 217,189 |
| Ragobair | 80,937 | 78,223 |
| ÁSPC an Fhostóra | 62,336 | 59,016 |
| **Pá iomlán** | **1,036,917** | **1,025,943** |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair uasta 2011 € | Uasíocaíocht aonair uasta 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 201 | 1 | 10,452 | 10,474 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 14,540 | 2,168 | 49,372 | 47,598 |
| Liúntais le haghaidh uainoibre agus as a bheith ar uainchlár | 14,464 | 6,654 | 39,439 | 30,653 |
| Ilghnéitheach | 14,520 | 771 | 36,304 | 40,151 |

**Nóta:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe eile maidir le Luach Saothair

Íocadh méid iomlán de €29,264 do seachtar státseirbhíseach ar scor a fhaigheann pinsin ón státseirbhís, a rinneadh iad a athfhostú ar dhualgais éagsúla le linn 2011.

Tá san áireamh in A.1. suim iomlán de €329,120 maidir le luach saothair bhaill an Gharda Shíochána ar saoire speisialta le pá go comhlachtaí ionadaíocha foirne agus a shanntar go heagraíochtaí leasa.

### 5.3 Ciste Iuaíochta An Gharda Síochána

Léiríonn an ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána cuí don chiste don bhliain 2011, méid na n-íocaíochtaí sa tréimhse sin agus iarmhéid an chiste ag 31 Nollaig 2011:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar 1 Eanair 2011 | 335,684 |
| Fáltais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 | 67,916 |
| | 403,600 |
| Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 | (72,530) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2011 | 331,070 |

### 5.4 Glanadh leis na Coimisinéirí Ioncaim

Tá san áireamh san fhotheideal A.1 glanadh de €12.5 milliún chuig na Coimisinéirí Ioncaim i Mí na Nollag 2011 maidir le dliteanas oidhreachta a chlúdaíonn cánacha atá infheidhmithe do liúntais agus d'íocaíochtaí costais áirithe a dhéantar do bhaill an Gharda Shíochána sa tréimhse 2009 go 2011.

### 5.5 Cuairteanna Stáit

Tharla caiteachas pá breise de €28.4 milliún a tabhaíodh ar vóta an Gharda Shíochána i 2011 de thoradh ar chuairteanna Stáit na Banríona Éilis II agus an Uachtaráin Obama mar seo a leanas

| | **2011** |
|---|---|
| | **€000** |
| Pá (ragobair san áireamh) | 28,426 |
| Taisteal agus cothú | 2,968 |
| Eile | 4,490 |
| Iomlán | **35,884** |

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do na Cumainn Ionadaíochta

Íocadh deontas de €58,000 le Cumann Cheannfoirt an Gharda Síochána agus le Cumann Phríomhcheannfoirt an Gharda Síochána.

Gearradh suimeanna de €46,584 agus €139,571 i leith seirbhísí poist agus teileachumarsáide agus cóiríochta a bhain comhlachtaí ionadaíochta foirne agus eagraíochtaí leasa shóisialaigh leas astu.

### 6.2 Ráiteas ar chaillteanais (feithiclí Garda, srl.)

Tuairiscíodh iomlán de 667 tionóisc lenar bhain feithiclí de chuid an Gharda Síochána i 2011. Ba ionann an damáiste agus costais eile a bhain leis na feithiclí agus €493,746. Aisghabhadh cúiteamh iomlán de €167,173.

### 6.3 Maoiniú ón AE

Fuair an Garda Síochána iomlán de €20,409 go díreach mar mhaoiniú AE faoi Theideal VI de Chonradh an Aontais Eorpaigh do roinnt cláir phóilíneachta.

### 6.4 Cúiteamh agus Costais Dlíthiúla

Íocadh costais chúitimh agus dleathacha a bhfuil €2,656,579 ina iomláine i gceist agus ag dul ó €22 go dtí €197,500 i dtrí chéad agus seachtó trí cás i leith éilimh do dhíobhálacha pearsanra agus damáiste ábhair a d'éirigh ó thimpistí ina raibh feithiclí an Gharda Síochána páirteach ann.

Íocadh costais chúitimh agus dleathacha a bhfuil €9,756,071 ar fad i gceist agus ag dul ó €320 go dtí €350,834 in dhá chéad agus daichead a haon chás i leith éilimh a rinne comhaltaí den Gharda Síochána faoin Acht um Chúitimh an Gharda Síochána.

Ag 31 Nollaig 2011 measadh go raibh 2,657 cás cúitimh fós ag seasamh in aghaidh Údarás na nGardaí mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Timpistí tráchta bóthair | 266 |
| Achtanna Cúitimh an Gharda Síochána | 1,160 |
| Ilghnéitheach | 1,231 |

Íocadh íocaíochtaí arb ionann iad agus €167,049 agus a bhí ag reimsiú idir €5 go €8,701 i leith 2,595 éileamh faoin scéim um Dhíobhálacha Ceirde.

Rinneadh íocaíochta de €584,955 ar fad agus ag dul ó €31 go dtí €71,222 i leith éilimh a tharla as díobhálacha a fuair daichead Gharda le linn dóibh a bheith ar dualgas.

Rinneadh íocaíochtaí de €120,359 ar fad agus ag dul ó €42 go dtí €31,763 do dáréag sibhialtach i leith díobhálacha a fuarthas mar thoradh ar thimpistí ar áitrimh de chuid an Gharda Síochána.

Rinneadh íocaíochtaí de €585,360 ar fad agus ag dul ó €12,100 go dtí €270,000 i seacht gcás tar éis do chaingean dlí a bheith tógtha ag na Gardaí.

Rinneadh íocaíochtaí de €6,205,955 ar fad agus ag dul ó €31 go dtí €900,000 in dhá chéad agus a tríocha ceathair chás, san áit a raibh caingne sibhialta tógtha i gcoinne an Stáit ag éirí as caingne a thóg na Gardaí i gcomhlíonadh a gcuid dualgais.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €26,262 ar fad i leith chostais dleathacha i ndhá chás san áit a raibh caingean dlí tógtha ag chomhaltaí den Gharda Síochána ag éirí as caingean a thóg siad siúd i gcomhlíonadh a gcuid dualgais.

### 6.5 Eile

Cuireadh iompar an Gharda ar fáil do phearsanra na Seirbhíse Príosún chun príosúnaigh a iompar chun na cúirte, srl saor in aisce.

Chuir na Fórsaí Cosanta cúnamh ar fáil don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt gan aon íocaíocht.

Bhain pearsanra an Gharda úsáid as aerárthaí an Aerchóir le linn 2011 gan aon íocaíocht. Soláthraíodh tacaíocht ón Aerchór saor in aisce freisin maidir le haerárthach sciatháin dhobhogtha an Gharda a oibriú agus costais phíolótaí héileacaptair an Gharda.